TG4

## Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus Gnóthaí Poiblí

**Conradh Buan**

Is mian le TG4 Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus Gnóthaí Poiblí a earcú ar chonradh buan. Ag freagairt don Ard-Stiúrthóir, beidh an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus Gnóthaí Poiblí i bhfeighil gnóthaí corparáideacha lena n-áirítear ceannaireacht a thabhairt ar dhualgais rialachais chorparáidigh TG4, stiúradh a thabhairt ar acmhainní daonna maille le cúraimí gnóthaí poiblí na heagraíochta. Beidh an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus Gnóthaí Poiblí ina bhall d'fhoireann ardbhainistíochta TG4.

Is craoltóir náisiúnta teilifíse Gaeilge é TG4 atá lonnaithe i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe. Is craoltóir-foilsitheoir seirbhíse poiblí é TG4 a fhaigheann formhór a ábhair ó earnáil na léiritheoirí neamhspleácha, ábhar a bhfuil duaiseanna agus gradaim go leor buaite aige. Tá ábhar TG4 ar fáil ar gach ardán teilifíse ar fud na hÉireann, ar fud an domhain ar an idirlíon agus ar ardáin dhigiteacha.

Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin is riachtanas é go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga. Is fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghlaigh, creideamh nó ar duine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.

I gCeannáras TG4 i mBaile na hAbhann, Co. na Gaillimhe a bheidh an post seo lonnaithe agus tá polasaí oibre solúbtha i bhfeidhm ag TG4.

## Eolas faoin bPost

Is deis iontach é an ról seo do cheannaire ardchumais leas a bhaint as a thaithí feidhmiúcháin chun ceannasaíocht agus spreagadh a thabhairt d'fhonn punanna leathana agus éagsúla a chur i gcrích agus cuspóirí straitéiseacha TG4 a chur chun cinn.

Ag tuairisciú don Ard-Stiúrthóir, beidh an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus Gnóthaí Poiblí freagrach as feidhmiú éifeachtach straitéiseach Seirbhísí Corparáideacha, Acmhainní Daonna agus Gnóthaí Poiblí. Beidh freagracht dhíreach ar shealbhóir an phoist as dea-rialachas a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear ceanglais reachtúla a chomhlíonadh go hiomlán agus beidh an duine sin ag glacadh stiúir ar obair a bhaineann le Coiste Iniúchóireachta agus

Riosca Bhord TG4 maidir le saincheisteanna rialachais eagraíochta. Beidh sealbhóir an phoist ina bhall d'fhoireann Ceannaireachta TG4.

**Beidh an té a cheapfar freagrach as an obair seo a leanas maille le cúraimí eile:**

Maoirseacht a dhéanamh ar Rialachas Corparáideach, ar Acmhainní Daonna agus ar Bheartas Poiblí agus barr feabhais eagraíochtúil a spreagadh maidir le próisis a chur i bhfeidhm mar aon lena chinntiú go bhfuiltear ag ailíniú le polasaithe atá ann cheana agus go bhfuiltear á gcur i gcrích.

- Ceannaireacht a thabhairt sna réimsí feidhme laistigh dá shainchúram, agus cultúr eagraíochtúil a chothú chun baint amach fhís straitéiseach TG4 a éascú i gcomhréir le ceanglais rialachais chorparáidigh
- Dea-chleachtais i rialachas corparáideach a chur i bhfeidhm san eagraíocht agus a chinntiú go bhfuil TG4 ag comhlíonadh a chuid freagrachtaí rialachais chorparáidigh de réir an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú.
- Athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar chreat rialachais TG4 agus a chinntiú go bhfuil sé oiriúnach don fheidhm
- Feidhmiú mar ionadaí TG4 don chaidreamh rialachais chorparáidigh leis an Roinn agus le comhlachtaí poiblí ábhartha.
- Cur i bhfeidhm an phlean bhliantúil iniúchóireachta inmheánaí a bhainistiú agus a chomhordú, ag cinntiú go bhfuiltear ag gníomhú go cuí ar mholtaí agus go gcuirtear tuairiscí agus nuashonruithe faoi bhráid na foirne Ceannaireachta agus an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca
- Maoirseacht a dhéanamh ar thacaíocht riaracháin don choiste iniúchóireachta agus riosca
- An coiste riosca inmheánach agus an clár riosca a bhainistiú agus oibriú le húinéirí riosca chun stádas rioscaí agus gníomhartha maolaithe gaolmhara a shainaithint agus a bhainistiú, agus tuairisciú go rialta don fhoireann ceannaireachta agus do Choiste Iniúchóireachta agus Riosca TG4 maidir le príomhrioscaí straitéiseacha agus eagraíochtúla.
- Stiúradh agus comhordú a dhéanamh le Coimisiún na Meán chun an ráiteas bliantúil ar ghealltanais feidhmíochta agus an t-athbhreithniú bliantúil ar ghealltanais feidhmíochta a scríobh agus a chur le chéile.

- Tuarascáil Bhliantúil TG4 don Roinn Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt a stiúradh, a scríobh agus a sheachadadh.
- Stiúradh agus maoirseacht a dhéanamh ar fheidhm na nAcmhainní Daonna san eagraíocht atá ailínithe le spriocanna gnó. Pleanáil straitéiseach ar pholasaithe agus beartais acmhainní daonna chun freastal ar riachtanais na heagraíochta lena n-áirítear pleanáil agus forbairt foirne, feidhmíocht foirne, caidreamh le fostaithe agus comhlíonadh polasaithe mar chroí chuid de Seirbhísí Corparáideacha TG4.
- Maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus rialachas maidir le reachtaíocht fostaíochta agus iniúchta inmheánaigh.
- A chinntiú go bhfuil polasaithe na comhlachta i gcomhréir leis an reachtaíocht agus go ndéantar athbhreithniú leanúnach orthu agus go gcoinnítear cothrom le dáta iad.
- Straitéis soláthair agus polasaithe soláthair TG4 a stiúradh agus cuntasacht fhoriomlán a ghlacadh as a chinntiú go gcuirtear an straitéis i gcrích go rathúil agus go gcomhlíontar polasaithe.
- Rialachas agus comhlíonadh sonraí, lena n-áirítear bearta saorála faisnéise, cosanta sonraí agus nochta cosanta a chur i bhfeidhm.
- Ceisteanna Parlaiminteacha, iarrataí ar shaoráil faisnéise agus ar chomhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí.
- Feidhmiú ina Rúnaí Cuideachta do Theilifís na Gaeilge

## Nithe atá riachtanach don phost seo: Ní mór duit:

- Taithí mhór a bheith agat ar rialachas corparáideach, gnóthaí poiblí nó réimse inaistrithe eile.
- Cáilíocht mháistreachta a bheith agat sa ghnó, sa bhainistíocht, in acmhainní daonna, sa dlí nó i réimse eile a bhaineann go díreach leis an ról seo.
- Dea-theist láidir agus taithí mhór oibre a bheith agat ar fheidhmeanna Seirbhísí Corparáideacha agus Rialachais a threorú.
- Taithí a bheith agat ar pholasaithe, nósanna imeachta agus córais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun comhlíonadh, dea-chleachtas agus comhsheasmhacht a chinntiú in oibríochtaí eagraíochtúla

- Taithí chruthaithe a bheith agat ar bheith ag bainistiú foirne, ag déanamh idirbheartaíochta agus ag plé le páirtithe leasmhara agus le comhpháirtithe ar leibhéal sinsearach.
- A bheith ábalta dúshláin/bacainní maidir le soláthar a aithint, fadhbanna a réiteach agus dúshláin amach anseo a thuar
- Sárscileanna cumarsáide agus idirphearsanta a bheith agat agus a bheith ábalta dul i bhfeidhm ar dhaoine
- Cumas cruthaithe a bheith agat maidir le breithiúnas stuama a thabhairt agus cinnteoireacht shoiléir straitéiseach chinntitheach a dhéanamh
- A chinntiú go bhfuil cumarsáid mhaith idir baill foirne agus go bhfuil eolas á roinnt go héifeachtach i measc d'fhoirne féin agus le comhbhainisteoirí agus comhghleacaithe.
- Comhoibriú leis an ardbhainistíocht maidir le hobair na heagraíochta agus leis an obair a bhíonn ar bun le heagraíochtaí eile.

Éireoidh leat sa ról seo más duine tú atá ábalta oibriú go muiníneach, go solúbtha agus go héifeachtach as do stuaim féin i dtimpeallacht spreagúil.

*Tabhair ar aird: Is treoir é an sainchuntas poist seo maidir le réimsí leathana freagrachta agus cuntasachta agus níor cheart breathnú air mar liostú cuimsitheach. D'fhéadfadh an sainchuntas poist a bheith faoi réir athbhreithnithe i bhfianaise struchtúir nua agus / nó athrú a bheith ag teacht ar riachtanais TG4.*

**Seol litir iarratais chomh maith le cáipéis (2 leathanach) ina léirítear an uaillmhian atá agat don phost Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus Gnóthaí Poiblí Ábhair chuig ardstiurthoir@tg4.ie nó chuig Oifig an Ard-Stiúrthóra, TG4, Baile na hAbhann, Co. na Gaillimhe, H91 X4T0, roimh 4pm Dé hAoine an 20 Márta 2026.**

## Eolas Breise don Iarratasóir

**Grád an Phoist:** Grád 1

**Uaireanta Oibre:**

39 uair sa tseachtain. Táthar ag súil, mar gheall ar riachtanais an phoist, go mbeifeá solúbtha ó am go ham, i.e. go mbeifeá sásta, scaití, oibriú lasmuigh d'uaireanta oifige, ag an deireadh seachtaine agus ar laethanta saoire bainc. Tá an teidlíocht ar shaoire le haghaidh laethanta saoire poiblí de réir théarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997.

**Laethanta Saoire:**

Chomh maith leis na laethanta saoire bainc reachtúla, beidh tú i dteideal 26 lá de shaoire íoctha in aghaidh na bliana.

**Pinsean:**

Tá baill foirne TG4 i dteideal dul isteach i nGrúpscéim Pinsin TG4 faoi réir théarmaí aon scéime atá ann cheana.

**Taisteal:** Beidh taisteal i gceist ó am go chéile mar chuid den ról, in Éirinn agus thar lear.

**Buntáistí eile a bhaineann le bheith ag obair i TG4:**

| | |
|---|---|
| • Deiseanna Oiliúna agus Forbartha<br>• Saoire Staidéir agus Scrúduithe | • Táillí Ballraíochta Gairmiúla<br>• Pinsean Ranníocach<br>• An Clár Cúnaimh d'Fhostaithe<br>• An Scéim um Rothaíocht chun na hOibre |